**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Dé Céadaoin, 22 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ____________


## **ROINN A – Croíréimsí Staidéir** – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Taispeánann an ghrafaic thíos lógó *Chomhar Creidmheasa na hÉireann*.
Tá dhá éilips ann agus an mhion-ais chéanna acu.

Taispeánann an líníocht ar dheis an t-éilips inmheánach críochnaithe. Tá cuid den dara héilips tarraingthe freisin.

**(a)** Aimsigh pointí eile ar an gcuar agus tarraing an dara héilips.

**(b)** Aimsigh pointí fócais an dara héilips.





**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D de trealamh gleacaíochta thíos, leathsféar (A) agus cón barrscoite (B) i gcomhthadhall le chéile. Taispeántar freisin sféar (C) i gcomhthadhall leis an leathsféar.
Tá na trí cinn díobh suite ar an urlár.

Taispeánann an líníocht ar dheis ingearchló agus bonnchló páirtchríochnaithe den trealamh gleacaíochta.


**(a)** Tarraing bonnchló an chóin bharrscoite **B**.

**(b)** Tarraing bonnchló an sféir **C**.






**A-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos foireann cuaillí cosúil leo sin a úsáidtear i gcraobhchomórtas Aontas Chumainn Sacair na hEorpa (*UEFA*). Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus cló peirspictíochta páirtchríochnaithe de na cuaillí. Críochnaigh líníocht pheirspictíochta na gcuaillí.







**A-4.** Taispeánann an íomhá thíos teach a bhfuil grianphainéal suite ar a dhíon. Taispeántar freisin bonnchló, ingearchló páirtchríochnaithe agus taobhchló páirtchríochnaithe den teach agus den ghrianphainéal.

**(a)** Críochnaigh ingearchló an tí agus an ghrianphainéil.

**(b)** Críochnaigh an taobhchló.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomhairde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:1000)*

